Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/342

30.10.2023

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 8 Meán Fómhair 2023 – YS v an Chomhairle**

**(Cás T-411/23 R)**

***(Bearta eatramhacha – Dlí institiúideach – Comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Rialachán (AE) 2017/1939 – Ceapachán Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Neamhdhleathacht díorthaithe – Iarrthóirí arna gceapadh ag an nGréig – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(C/2023/342)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* YS (ionadaithe: S. Pappas, A. Pappas agus-D.A. Pappa, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Meyer, K. Pleśniak agus K. Pavlaki, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh (AE) 2023/1335 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO 2023 L 166, lch. 116), lenar cheap Comhairle an Aontais Eorpaigh cúigear Ionchúisitheoir Eorpacha in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar feadh tréimhse neamh-inathnuaite sé bliana ón 29 Iúil 2023, nach raibh an t-iarratasóir san áireamh ina measc.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.